Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2020
(OR. en)

14177/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0036(COD)**

**CLIMA 360
ENV 824
ENER 506
CODEC 1378**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14004/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6547/20; 10868/20 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)<br>- Cur chuige ginearálta<br>= Moladh comhréitigh ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, moladh comhréitigh breise maidir le haithris 17 de 14004/20, mar a leag an Uachtaránacht síos é ag féachaint don phlé a dhéanfar ar an togra thuasluaite ag cruinniú na Comhairle (Comhshaol) an 17 Nollaig 2020.

17. (...) I bhfianaise an chuspóra aeráidneodrachta do 2050, ba cheart astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith laghdaithe agus aistrithe gás ceaptha teasa a bheith feabhsaithe faoi 2030, ionas go ndéanfar na glanastaíochtaí gás ceaptha teasa, is é sin líon na n-astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint, a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, ar fud an gheilleagair agus ar bhonn intíre, i gcomparáid le leibhéil 1990. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an sprioc sin i gconclúidí an 10/11 Nollaig 2020 uaithi. **Thug sí treoir freisin maidir lena cur chun feidhme.** Is sprioc is faide anonn chun críocha phointe (11) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1999 í sprioc aeráide nua an Aontais do 2030, agus, dá bhrí sin, cuirtear í in ionad na sprice uile-Aontais do 2030 maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, sprioc a leagtar amach sa phointe sin (...).